Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C/2024/5547

23.9.2024

GA Sraith C

Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh le haghaidh a n-úsáide agus/nó iad a úsáid

(Arna foilsiú de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 [1])

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5547)

Cinneadh lena ndeonaítear údarú

Uimhir thagartha an chinnidh [1]	Dáta an chinnidh	Ainm na substainte	Sealbhóir an údaraithe	Uimhir an údaraithe	Úsáid údaraithe	Dáta éaga na tréimhse athbhreithniúcháin	Na cúiseanna atá leis an gcinneadh
C(2024) 6354	16 Meán Fómhair 2024	trí-ocsaíd chróimiam (CE Uimh.- 215-607-8; Uimh. CAS 1333-82-0)	Ratier-Figeac, Route de Cahors, 46100 Figeac, an Fhrainc	REACH/24/38/0	Úsáid thionsclaíoch le haghaidh plátáil cróim fheidhmiúil ar scriúnna mill cruach criticiúla sábháilteachta aerárthaigh a úsáidtear i ngníomhróirí aerárthaigh, chun an cóimheas frithchuimilte a laghdú, agus chun feabhas a chur ar bhuaine, ar fhrithsheasmhacht in aghaidh creimeadh agus ar sheasmhacht, rud a chumasaíonn saol seirbhíse spriocdhírithe	An 10 Samhain 2033	I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, na sochair shocheacnamaíocha a bhaineann le húsáid na substainte, is mó iad ná an baol do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann leis an úsáid chéanna, agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann a bheadh oiriúnach.
				REACH/24/38/1	Úsáid thionsclaíoch le haghaidh anóidiú aigéid chrómaigh ar sparraí alúmanaim mar chéim ullmhaithe dromchla chriticiúil le haghaidh nascadh le lanna liáin criticiúla sábháilteachta chun feidhmíocht nasctha iontaofa a bhaint amach agus chun feabhas a chur ar fhrithsheasmhacht sparraí in aghaidh creimeadh	An 10 Samhain 2030	

([1]) Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu).

([1]) IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5547/oj